



Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12232 — BRIDGEPOINT / BAIN CAPITAL CREDIT / NATIVE INSTRUMENTS GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6330)

1. An 11 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Bridgepoint Group Holdings Limited ('Bridgepoint', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Bridgepoint Group plc (an Ríocht Aontaithe),
- Bain Capital Credit L.P. ('Bain Capital Credit', na Stáit Aontaithe), faoi úinéireacht an ghrúpa Bain Capital Credit Group (na Stáit Aontaithe),
- Native Instruments Group GmbH ('Native Instruments Group', an Ghearmáin), atá faoi rialú Francisco Partners Management, L.P. faoi láthair (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Bridgepoint agus Bain Capital Credit rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Native Instruments Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is infheisteoir fáis sa mhargadh príobháideach é Bridgepoint, a bhfuil speisialtóireacht aige i gcothromas príobháideach, i mbonneagar agus i gcreidmheas príobháideach,
- Is speisialtóir creidmheasa é Bain Capital Credit a infheistíonn ar fud an speictrim creidmheasa agus i straitéisí a bhaineann le creidmheas, lena n-áirítear iasachtaí gearáilte, bannaí ardtoraidh, táirgí struchtúrtha, iasachtaí príobháideacha meánmhargaidh, réitigh chaipitil shaincheaptha, urrúis agus sócmhainní anásta, iasachtaí neamhthuillmheacha, sócmhainní crua agus cothromais,
- Forbraíonn agus soláthraíonn Native Instruments Group uirlisí bogearraí agus crua-earraí le haghaidh léiriú ceoil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12232 — BRIDGEPOINT / BAIN CAPITAL CREDIT / NATIVE INSTRUMENTS GROUP

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

⁽²⁾ IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
